

“....chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal ar fud fad na hÉireann.”

Nuachtlitir an tSamhraidh 2012

Nuacht na hEarnála

Todhchaí na nGaelscoileanna i dtaobh Pátrúnachta agus Iolrachais

Mar cheann de na páirtithe leasmhara a ghlac páirt in obair an Fhórait, fáiltíonn GAELSCOILEANNA TEO. go mór roimh fhoilsiú tuarascáil an Ghrúpa Comhairligh ar an bhfóram faoi phátrúnacht agus iolrachas i mbunscoileanna na tíre seo. Glacadh an chuid is mó dár moltaí ar bord agus fáiltímid ach go háirithe roimh:-

- an aitheantais do riachtanais earnáil an oideachais lán-Ghaeilge agus go bhfuil an earnáil mar chuid den shainchúram ar shocraithe nua pátrúnachta.
- an aitheantais gurb iad na gnéithe ar leith a bhaineann leis an gcóras seo ná 1) tábhacht na teanga don tsochaí Éireannach agus an áit speisialta atá aici de bharr gealltanais an Stáit do chur chun cinn an chórais seo, mar atá cumhdaithe sa Bhunreacht, san Acht Oideachais agus sa Straitéis 20 bliain don Ghaeilge, agus 2) mian líon méadaitheach tuismitheoirí ar oideachas lán-Ghaeilge.
- an ghealltanais go mbeidh éileamh ar an gcóras oideachais lán-Ghaeilge mar chuid lárnach den phróiseas anailíse ar athrú patrúnachta sna 47 ceantair atá aitheanta.
- go gcaomhnófar na socraithe taistil solúbtha i dtaobh an chórais iompar scoile.
- go ndéanfar iniúchadh ar an bhféidearthacht go mbeadh catagóir speisialta ar an bPainéal do mhúinteoirí a dteastaíonn uathu obair i scoil lán-Ghaeilge agus chun éascú do Ghaelscoileanna foireann a earcú atá inniúil go cuí sa Ghaeilge.
- go gcuirfí scéim phíolótach ar bun ar an gcoincheap maidir le scoil ‘satailíte’ a bheadh ceangailte le ‘máthairscoil’ Ghaeilge atá dea-bhunaithe.

Beidh GAELSCOILEANNA TEO. ag comhoibriú go dlúth leis an ROS chun forbairt a dhéanamh ar na beartais thuas. Is féidir teacht ar an dtuarascáil iomlán agus ar achoimre as Gaeilge ar shuíomh na Roinne, nó féadfaid an t-eolas uile móide freagra iomlán GAELSCOILEANNA TEO. ar an dtuarascáil a fháil ach teagmháil a dhéanamh linn san oifig: 01-8535195 nó oifig@gaelscoileanna.ie

San eagrán seo:

Lch 3: Tuairisc ó chruinniú leis an Roinn Oideachas maidir le cóiríocht

Lch 5: Comhdháil ar Fhorbairt na Ceannasaíochta sa bhunscoil

.....agus go leor eile!

Urraithe ag



Foras na Gaeilge

Nuacht na hEagraíochta

Cuíchoiríú Earnáil Dheonach na Gaeilge

Gabhaimid buíochas mór le gach duine a thug aiseolas, a shínigh achainí, a d'fhreastail ar chruinnithe chun tacaíocht a léiriú don eagraíocht agus don earnáil agus a chuir aighneacht isteach chuig Foras na Gaeilge maidir leis an Samhail Nua Mhaoinithe mholta. Táimid fíor-bhuíochas daoibh uile as an tacaíocht.

Tá ábhar na n-aighneachtaí faoi bhreithiúnas faoi láthair agus coinneoidimid ar an eolas sibh faoi thoradh an mheasúnaithe. Mar eolas, tá na haighneachtaí liostáilte agus ar fáil ar www.gaeilge.ie

Dátaí don Dialann

Comhdháil ar Fhorbairt na Ceannasaíochta sna Bunscoileanna lán-Ghaeilge

Campas Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhílis, 22-23 Lúnasa 2012 09.00-16.00
Béal Feirste

*

Oiliúint ar na Boird Bainistíochta Bunscoile

Ionad oideachais Shligigh, Sligeach	21 Bealtaine 2012	19.00-21.30
Ionad Oideachais Chorcaí, Cathair Chorcaí	21 Bealtaine 2012	19.00-21.30
Óstán Bewley's, Crosaire Newlands, BÁC 22	22 Bealtaine 2012	19.00-21.30
Ionad Oideachais Chill Chainnigh	28 Bealtaine 2012	19.00-21.30
Ionad Oideachais na hInse, Inis, Co. an Chláir	29 Bealtaine 2012	19.00-21.30


Scéim Phíolótach ar an Aistriú ón Naíonra go dtí an Ghaelscoil

Tá scéim nuálach tosaithe ag Gaelscoileanna Teo. agus ag FNT ina bhfuil dhá scoil ag plé leis na naíonraí a fhreastalaíonn orthu maidir le haistriú na bpáistí atá sa naíonra chuig na

scoileanna. Tá an scéim bunaithe ar mholtaí sa leabhrán, *An Traein*, (a d'fhoilsigh an dá eagraíocht anuraidh) a chur i bhfeidhm go praiticiúil agus déanfar measúnú ar conas mar a chabhraíonn sin leis na páistí an t-aistriú

ón naíonra chuig an scoil a dhéanamh.

Trí bheith ag ullmhú na bpáistí don scoil i dtreo deireadh na bliana sa naíonra agus trí roinnt de na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl sa naíonra a dhéanamh ag tosach na bliana sa bhunscoil deirtear go gcabhraíonn a leithéid leis an bpáiste socrú síos ar scoil. Tríd an scéim, tá súil againn go láidreofar an nasc idir na naíonraí agus na scoileanna agus an chomhthuisceant eatarthu ar ról an dá earnáil. Léiríonn an taighde idirnáisiúnta go bhfuil tábhacht fad-téarmach leis an aistriú seo do na páistí. Níl mórán oibre déanta ar an gcoincheap seo in Éirinn go dáta agus mar sin táimid ag tnúth le torthaí na scéime píolótaigh ag an gComhdháil Oideachais bhliantúil 2012.



Nuacht na hEagraíochta

Cruinniú faoi chóiríocht leis an Roinn Oideachais

Bhuail ionadaithe ó Gaelscoileanna Teo. le hionadaithe ón Rannóg Bhreithmheas ar Chaipitil sa Roinn Oideachais & Scileanna le cás na scoileanna a chur os a gcomhair nach bhfuil cóiríocht bhuan faighte acu go dtí seo agus nach bhfuil san áireamh ar an liosta cóiríochta cúig bliana. Faoi láthair tá 45% de bhunscoileanna agus 39% d'iabhscoileanna lán-Ghaeilge gan cóiríocht bhuan scoile, gan trácht ar scoileanna a bhfuil gá le síneadh scoile nó athchóiriú ar shean- fhoirgneamh. Tá roinnt de na scoileanna seo ag fanacht níos mó ná 20 bliain ar fhoirgneamh cuí don scoil, tréimhse atá scannalach. Tá scoileanna eile a bhfuil an-bhrú ag teacht orthu de bharr fás líon na ndaltaí sna scoileanna sin thar an gcéad cúpla bliain atá amach romhainn.

Le linn an chruinnithe míníodh dúinn go leanúnach gurb é an bunús leis an bpróiseas cinnteoireachta do chóiríocht nua ná de réir ceantair ina bhfuil daonra ag fás go mór agus scoileanna ina bhfuil gá le seomraí ranga breise le freastal ar an bhfás. Léiríomar an-mhíshástacht gur fhág sé seo roinnt

scoileanna as an áireamh a raibh próiseas pleanála tosaithe ag an Roinn dóibh cheana. Rinne Gaelscoileanna Teo. argóint láidir go bhfuil sé riachtanach go dtabharfaidh an Roinn faoi na scoileanna atá ag fanacht le blianta fad chomh maith le scoileanna a thógáil i gceantair fairs. Aithnímid go bhfuil airgead gann ach tá 25+ bliain i bhfad ró-fhada le fanacht ar fhoirgneamh cuí le do scoil a lonnú inti nó le fanacht i scoil a bhfuil sláinte agus sábháilteacht na bpáistí i mbaol dá bharr.

Dheimhnigh an Roinn dúinn áfach go bhfuil roinnt de na scoileanna nach bhfuil ar an liosta liosta tógála reatha ar 'an radar' acu agus go rabhadar ag iarraidh réitigh a lorg dóibh go gníomhach. Fáiltíonn an Roinn roimh phlé le Gaelscoileanna Teo. maidir leis na scoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn córasach agus leanúnach. Fáiltíonn muid roimh aon eolas maidir le cúrsaí cóiríochta na scoileanna gur féidir linn a chur faoi bhráid na Roinne agus beimid i dteagmháil le gach scoil ar éirigh linn a gcás a phlé.

Cláraigh don nuacht laethúil ar www.gaelscoileanna.ie

Impleachtaí Ciorcláin 0007/2012 do Scoileanna lán-Ghaeilge

Ag eascairt as ciorclán 0007/2012 bhaillíomar eolas ó scoileanna maidir leis na himpleachtaí a bheidh ann dóibh de thoradh an leithdháileadh GAM/EAL agus an próiseas nua leithdháileadh do mhúinteoirí acmhainne. Gabhaimid buíochas leis na scoileanna a thug eolas dúinn faoina gcásanna ar leith. Rinneadh cás leis an Chomhairle Náisiúnta Um Oideachas Speisialta agus leis an Roinn ach táimid ag fanacht ar chruinniú le Hubert Loftus go fóill.

I measc na moltaí áirítear:

- Cead a thabhairt do scoileanna, ag brath ar líon na n-uaireanta a bhfuil siad i dteideal, post páirt nó lánaimseartha a líonadh nó trí chomhiarratas le gaelscoil/eanna eile. Chinnteodh sé seo foireann chuí a bheith ar fáil de réir sainriachtanais teanga na scoileanna lán-Ghaeilge.

- Solúbthacht a fhágáil faoi na scoileanna lán-Ghaeilge GAM agus uaireanta acmhainní a chomhnascadh.

- Go mbeadh múinteoir acmhainne atá i gcnuasach scoileanna le gaelscoil ann lonnaithe sa scoil lán-Ghaeilge chun deis a thabhairt don mhúinteoir acmhainne tuiscint a mhéadú ar na sainriachtanais bhreise atá ag na scoileanna lán-Ghaeilge móide tuiscint a mhéadú ar an gcóras tumoideachais agus na tacaíochtaí riachtanacha lena mbaineann.

- I gcomhthéacs athraithe sa chóimheas, molaimid go ndéanfaí anailís ar éifeacht an chóimheas athraithe i gcomhthéacs na teanga agus na foghlama. É sin a dhéanamh go cuimsitheach le gach gaelscoil a chaill múinteora agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh an sceideal ceapacháin do scoileanna lán-Ghaeilge a chur ar ceal dá bharr.

Scoileanna Nua



Tá áthas ar phobal Mullach Eadrad go mbeidh Gaelscoil an Chuilinn, scoil lán-Ghaeilge nua faoin bhForas Pátrúnachta, ar an bhfód i Meán Fómhair 2012. Labhair an craoltóir Mícheál Ó Muircheartaigh ag ócáid mhór a d'eagraigh an coiste bunaithe le déanaí agus thug sé ardmholadh do na tuismitheoirí cróga a throid le fada le haitheantas a bhaint amach don scoil. Le páiste a chlárú leis an scoil is féidir ríomhphost a sheoladh chuig gaelscoilanchuilinn@gmail.com nó glaach a chur ar 086 3236187.

Tá sé fógartha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna go mbeidh bunscoileanna le hoscailt i 2013 i gceantair éagsúla timpeall na tíre. S'iad na ceantair atá aitheanta do ghaelscoileanna nua ná:

- Teach na Giúise/An tSeanbhabhún, Baile Átha Cliath 24
- An Chéim, Baile Átha Cliath 18

An Foras Pátrúnachta a bheidh mar phátrún ar na scoileanna seo agus is féidir glaach a chur ar oifig an Fhorais ag 01 6294110 le tuilleadh eolais a fháil. Oslófar gaelscoil nua i gCnoc na Cathrach, Gaillimh i

Meán Fómhair 2013, ach an phátrúnacht le socrú go fóill.

Faraor, níor tugadh aitheantas don iarratas ar ghaelscoil nua i gCill Dara, áit ina bhfuil éileamh ollmhór ar an ngaelscolaíocht. Tá dóchas ann go mbunófar an dara ghaelscoil ann i 2014.

Anuas ar an raon leathan áiseanna atá ar fáil ó FNT faoi láthair, tá dhá fhoilseachán nua ar fáil anois:



Forbairt Naíonraí Teoranta
Halla Naomh Pádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghriofa
Baile Átha Cliath 9
Guthán: 01 853 5101
Ríomhphost: eolas@naionrai.ie
www.naionrai.ie


Forbairt Naíonraí Teoranta

BROGA NUA

ENJOYING IRISH WITH YOUNG CHILDREN

Cnuasach rannta agus amhráin Ghaeilge atá i *mBróga Nua*, agus é bunaithe ar an bhfoilseachán *How to Enjoy Irish in your Playgroup*. Tá *Bróga Nua* dirithe ar dhaoine a oibríonn le páistí trí mheán an Bhéarla agus do pháistí atá ag tosú sa chóras tumoideachais. Leabhar agus dhá CD atá ann.

Praghas: €15.00



BIONGÓ NA SÉASÚR

Tá an cluiche biongó seo bunaithe ar na séasúir agus baintear úsáid as na hiomhánna atá le feiceáil cheana sa tsraith póstaer *Na Séasúir* atá ar fáil ó FNT. Beidh an tsraith póstaer ar fáil mar chuid den cluiche as seo amach.

Praghas: €7.50



Forbairt Ghairmiúil Scoileanna

Comhdháil ar Dhúshláin na Ceannasaíochta sna Bunscoileanna Lán-Ghaeilge

Eagrófar an chéad chomhdháil uile-oileánda riamh ar **Forbairt na Ceannasaíochta sna Bunscoileanna lán-Ghaeilge** ar an **22-23 Lúnasa** i mBéal Feirste.

Is comhthionscadal í an chomhdháil seo idir An Coiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeloideachas (atá comhdhéanta de na heagrais gaelscolaíochta uile in Éirinn agus a bhfuil GAELSCOILEANNA TEO. mar chathaoirleach reatha air); Ionad Réigiúnach Oiliúna agus an tSeirbhís um Forbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí.

Tá an chomhdháil dírithe ar Phríomhoidí/leasphríomhoidí ó gach bunscoil lán-Ghaeilge ar bhonn 32 contae, Gaeltacht san áireamh mar aon le príomhoidí agus comhordaitheoirí na nAonad (bunleibhéal):



I measc ábhair an chláir, áirítear:-

- Ról na gCeannasaithe sa Scoil Lán-Ghaeilge
- Tarmigeán dualgas - foireann bhainistíochta agus foireann iomlán
- Forbairt na meán-cheannasaíochta le ról agus freagrachtaí soiléire
- Ag cinntiú Ardchaighdeán Oideachais
- Ionduchtú agus meántóireacht do mhúinteoirí nua
- Forbairt Ghairmiúil an Mhúinteora
- Measúnú Uile Scoile agus Féinmheasúnú i dtreo barr fheabhais: tábhacht, impleachtaí agus feidhmiú éifeachtach
- Ceannasaíocht Teanga Shóisialta / Chumarsáide na scoile
- Polasaí na Gaeilge / sainmheon teanga na scoile a chaomhnú
- Cruinneas na bpáistí / na múinteoirí / na foirne
- Gaeilge sa chlós / lasmuigh den fhoghlaim fhoirmiúil
- Pleanáil uile scoile (cúrsaí curaclaim san áireamh)
- Cur chuige an tumoideachais
- Léitheoireacht an Bhéarla agus na Gaeilge sa scoil lán-Ghaeilge
- Ag Cothú Cultúr Dearfaigh
- Gaol a chothú idir an scoil agus an scoilphobal / mórfhobal
- Cur chuige cumarsáide le páirtithe éagsúla
- Comhoibriú idir scoileanna

Scaipeadh an bhileog ar ríomhphost chuig gach scoil agus tá breis eolais le fáil ónár suíomh faoin rannóg 'Oiliúint' nó tré glaoch ar an oifig.

Féadfar clárú ar an suíomh gréasáin www.rtuni.org roimh an 15 Meitheamh 2012.

Beidh costas lóistín amháin i gceist do rannpháirtithe agus cuirfear sólaistí agus lón ar fáil le linn na comhdhála. Tá lóistín ar fáil ar an gcampas.

Scéalta na mBunscoileanna

DLúthdhiosca Nua ag Gaelscoil na Bóinne



na scoile chuig an seoladh oifigiúil agus chuir na páistí ceolchoirm beomhar, taitneamheach ina láthair. Bhí an-áthas orainn go raibh ár n-iarscoláirí ann freisin agus iad ag cuimhneamh siar ar an uair a raibh siad féin ar an ardán.

Is iontach an éagsúlacht atá ar an CD le ceol traidisiúnta, popcheol, córchantain, amhránaíocht aonréadach, feadóga, pianó, boscaí ceoil agus giotáir le cloisint. Dá bhrí sin d'éirigh le gach uile dalta a bheith rannpháirteach agus tá an clúdach maisithe le healaín álainn na bpáistí chomh maith. Is ábhar mórtais dúinn é gur chomhoibrigh pobal na scoile chun sárchaighdeán a bhaint amach agus táimid fíor-bhuíoch do gach duine a chabhraigh linn. Beidh cuimhne go deo ag daltaí na scoile ar an sult a bhain siad as an eispéireas.

Tá an dlúthdhiosca ar fáil ar €10. Cuir glaoch orainn ar 046 9437872.

<http://www.gaelscoilnaboinne.com/>

Is cúis bhróid é go bhfuil an dara cheirnín, "Le Chéile Arís" taifeadta againn i nGaelscoil na Bóinne. Deich mbliain ó shin bhí Mícheál Ó Muircheartaigh i láthair chun an chéad dhiosca a sheoladh agus bhí lúcháir orainn go raibh sé linn chun an dara cheann a lánseáil. Tháinig tuismitheoirí, seantuisití, gaolta agus cairde eile

Seachtain na Gaeilge i nGaelscoil Mhic Easmainn

Cuireadh tús le himeachtaí *Seachtain na Gaeilge 2012* i nGaelscoil Mhic Easmainn le hAifreann na nÓg maidin Domhnaigh. Maidin Dé Luain dhúisíomar go léir le Raidió Chiarraí agus daltaí na Gaelscoile ag léamh na bhfógraí as Gaeilge. Dé Máirt d'fhágamar slán le Rang a 5 a bhuail an bóthar go hInis, Co. an Chláir lena dhráma "Goid Asal an Rí". Thugadar an trófaí abhaile leo agus anois táid ag ullmhú do Chraobh na hÉireann!

Maidin Dé Céadaoin bhí Gaelscoil Mhic Easmainn ar fad ar an stáitse leis an Seó Ardáin Bhliantúil ina raibh mír bheag ó gach rang idir ceol, amhránaíocht, scéalaíocht agus filíocht. Ar an Déardaoin chuireamar fáilte roimh chuairteoirí go dtí Lá Oscailte 2012, lenár gCór Scoile a chan go binn soiléir. Oíche Dhéardaoin d'eagraigh Comhairle na dTuismitheoirí Tráth na gCeist Teaghlaigh ina raibh ard oíche spóirt agus craic ag gach éinne.

Osclaíodh doirse na scoile maidin Dé hAoine do Thráth na gCeist agus Céilí idirscoileanna. Bhí an Banna Ceoil ag siúl i bParáid Lá le Pádraig ar an Satharn ag seinnt go haoibhinn agus ag féachaint go hálainn.

Chun deireadh a chur le himeachtaí na seachtaine deineadh clár Raidió le Méabh Lawlee ar Raidió Chiarraí, *Caint Chiarraí* a bhí craolta beo oíche Dé Domhnaigh ar a dhein leanaí na Gaelscoile scéalaíocht, agallamh beirte, amhránaíocht agus cúpla píosa ceoil. Níl aon dabht ach go raibh seachtain ghníomhach ach taitneamhach ag muintir na Gaelscoile le linn Seachtain na Gaeilge 2012.



Scéalta na nIar-bhunscoileanna & na nAonad

Buaiteoirí ag Coláiste Daibhéid



Mar chuid de Leabhar-Fhéile Dhomhanda Chorcaí 2012, a reachtáilteadh i mí Aibreáin, bhí *Lá na nDéagóirí* ann, tráth a fógraíodh torthaí

meánscoil lán-Ghaeilge sa chathair: Sophie Nic Choinnigh as an 3ú Bhliain agus Antóin Ó Trilín as an gCéad Bhliain. Bhuaigh Sophie an phríomh-dhuais lena scéal, *Ao and Ix*. Bhronn an scríobhnóir áitiúil, Kevin Doyle na duaiseanna ar Sophie agus Antóin.

na gcomórtas éagsúla i gcomhair déagóirí le cúpla mí anuas. Bhí taispeántas grianghraf ann agus seoladh an “Unfinished Book of Poetry 2012” chomh maith.

De thoradh an 5ú Chomórtas Bliantúil Gearrscéil, bhí breis is 100 iontráil agus dáréag ar an ngearr-liosta. Ar an dáréag sin, bhí beirt dhalta as Coláiste Daibhéid,

Is minic a fhiafraítear d’fhoirne scoileanna lán-Ghaeilge, an mbíonn na daltaí ar mhíbhuntáiste ó thaobh an Bhéarla de toisc go mbíonn gach ábhar eile á fhoghlaim acu trí mhéan na Gaeilge. Is léir ón toradh seo nach bhfuil aon bhunús leis an tuairim sin. Tá an scríobhnóireacht chruthaitheach i mBéarla an-láidir i gColáiste Daibhéid; bíonn idir scéalta agus dhánta á gcumadh ag na daltaí. Tugann na múinteoirí an-spreagadh agus an-tacaíocht dóibh chun an tallann a fhorbairt.

Gaelcholáiste Reachrann.....10 mBliain ar an bhFód!

Bhí ócáid an-speisialta ag Gaelcholáiste Reachrann ar an 29ú Márta. Chomh maith leis an deichiú breithlá a cheiliúradh, bhí aitheantas ar leith á thabhairt don cheol traidisiúnta atá beo bríomhar agus ar ardchaighdeán sa scoil; idir scoláirí ó ngrúpa ceol traidisiúnta, múinteoirí, iarscoláirí agus tuismitheoirí. Seoladh CD le ceol traidisiúnta maraon le hamhráin ó chór na scoile agus ó iarscoláirí. Ba mhór an onór don scoil é gurb é Mick O'Brien, píobaire uilinn cáiliúil agus tuismitheoir a rinne an seoladh.



Is leor éisteacht amháin le tuiscint go bhfuil an ceol traidisiúnta fós beo i measc na ndéagóirí seo agus is léir le roinnt de na ceoltóirí seo gur

dúil dóibh a saol gairmiúil a chaitheamh ar an stáitse más é sin a mian.

D’oscail Gaelcholáiste Reachrann i 2001 le 36 dalta. Tá an uimhir sin taréis méadú ó shin go dtí 304 dalta i mbliana agus beidh 340 dalta ag freastal ar an scoil an bhliain seo chugainn.

Thuas: Ó chlé, Príomhoide Tánaisteach Sinéad Nic Stiofáin, Iar-Phríomhoide Fionnuala Ní Chaisil, Comhairleoir & Cathaoirleach Tomás Ó Céilleachair, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Choiste Gairmoideachais BÁC, Máire Uí Ghrifín, tuismitheoir Mick O'Brien, Príomhoide Máire Ní Ghealbháin.



Feachtais Cóiríochta

Coláiste Ráithín, Cill Mhantáin



agus go raibh lucht na scoile 20 bliain i mbun agóide.

Bhí ag éirí thar barr leis an scoil ó bunaíodh í sa bhliain 1991 agus gan acu ach 33 dalta. 250 dalta atá anois ag freastal ar an scoil agus thiocfadh leo “dhá oiread” a thógáil ach na háiseanna a fháil. Ar an drochuair, bhí orthu páistí a chur ó dhoras i mbliana. Bhí na bunscoileanna Gaeilge sa cheantar ag fás go fóill agus bhí cáil ar an choláiste as mic léinn a chur ar aghaidh chun na hollscoile. Ach bhí “baol ann nach mbeadh gaelscoil dara leibhéal i dtuaisceart Chill Mhantáin” mar níorbh fhéidir leis an scoil “dul i gcomórtas le scoileanna móra gan áiseanna cearta”.

Dúirt sé fosta gur mhinic an tAire Oideachais, Ruairí Quinn, ag caint ar “iolrachas” ach gan an Ghaeilge a chur san áireamh. Bhí Coláiste Ráithín ag iarraidh “oideachas leathan liobrálach” a chur ar fáil i nGaeilge. Chuige sin, bhí páistí as 23 tír éagsúil i measc na bpáistí ar an scoil. Dúirt Ó Ciaráin go raibh “ár gcuid déanta againn” agus iad ar lorg suímh bhuain agus ba thrua leis nach raibh Quinn ábalta bualadh le lucht na scoile agus é ar chuairt i gCill Mhantáin ag tús na seachtaine.

Ón IRISH TIMES

Tá Coláiste Ráithín 21 bliain ar an saol agus iad ag cur oideachas dara leibhéal ar fáil do dhaltai gaelscoileanna i dtuaisceart Chill Mhantáin. Lena chois sin, tagann trian dá gcuid daltaí ó scoileanna Béarla sa chontae. Tá lucht na scoile ag iarraidh go mbeidh foirgneamh nua acu faoi 2014. Faoi láthair, níl áiseanna spóirt acu agus is i mboitháin réamhdhéanta a dhéantar cuid mhór den teagasc. Bhí focal acu ar shuíomh i mBré ach níl iomrá ar thógáil ar bith tosú ann. Is mó a n-ínní anois nó tá scoil Bhéarla nua díreach oscailte ag an Roinn Oideachais sa cheantar céanna leo féin. Dúirt príomhoide Choláiste Ráithín, Gearóid Ó Ciaráin, go raibh sé “tinn tuirseach” den scéal

Gaelscoil Mhic Amhlaigh, Gaillimh

Tá dúshlán an Aire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn T.D., tugtha ag cúigear Theachta Dála Gaillimh Thiar agus iad ag iarraidh a fháil amach cén fáth a bhfuil Gaelscoil Mhic Amhlaigh fágtha ar lár ón liosta scoileanna atá le maoiniú faoi phlean thógála na Roinne ó seo go dtí 2015. Tá na Teachtaí Dála i measc liosta iomlán de 13 ionadaithe poiblí a shínigh litir chuig an Aire Ruairí Quinn ag éilimh go gcuirfear maoiniú ar fáil don scoil. Tá an beartas nua ag teacht sna sála ar chruinniú tacaíochta don scoil, cruinniú a mheall breis agus 600 duine chuig Óstán Bhóthar na Trá an tseachtain seo caite. Chuala an cruinniú go raibh an-chuid obair ullmhúcháin déanta ag an scoil chun síneadh a chur leis an scoil agus cóiríocht bhuan a chur ar fáil do 200 páiste. Dúradh go raibh an scoil réidh le tairiscintí

tógála a lorg ach gur tharraing an Roinn Oideachais siar ón tionscnamh ag an nóiméad déanach i mí Eanáir. Ábhar mór sásaimh a bhí sa slua mór a d'fhreastail ar an gcruinniú poiblí dar le Dáiríona Nic an Iomaire, príomhoide na scoile. Ag trácht ar an tacaíocht seo dúirt sí freisin “Laistigh de 10 lá, shínigh breis agus 3000 de shaoránaigh na Gaillimhe achainí chun an cinneadh a athrú. Tá 12 bhliain caite againn ag feitheamh, tá gach céim sáraithe againn agus ní bheidh an scéal seo ag dul a chodladh. Má tá an Rialtas dáiríre maidir lena ndílseacht do pháistí, don oideachas, do chruthú todhchaí níos folláine agus cosaint na Gaeilge féin, tá dualgas orthu gníomhú láithreach”.

Ón GALWAY ADVERTISER



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Cúrsaí Iarchéime



Tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
ag glacadh le h-iarratais anois
do chúrsaí Iarchéime 2012-2013

-
- | | |
|---|---------------|
| • MA/ Dioplóma Iarchéime (Léann Teanga) NUA | Cód PAC GYA94 |
| • MA/Dioplóma Iarchéime (Teagasc Teangacha) | Cód PAC GYA71 |
| • MA/Dioplóma Iarchéime (Cumarsáid) NUA | Cód PAC GYA93 |
| • MA/Dioplóma Iarchéime (Ateangaireacht Chomhdhála) | Cód PAC GYA85 |
-

Déan iarratas ar www.pac.ie/nuigalway

Tuilleadh eolais:

Caroline Ní Fhlatharta

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,

OÉ Gaillimh

Teileafón: 091-595101

Ríomhphost: caroline.nifhlatharta@oegaillimh.ie

Idirlín: www.oegaillimh.ie/acadamh

Gailearaí



Bhí díospóireacht idir Gaelscoil an Bhradáin Feasa agus Gaelscoil Bhaile Brigín i rith seachtain na Gaeilge.

D'éirigh go hiontach leis na cainteoirí uilig agus táthar ag súil go mbeidh comórtas bhliantiúil díospóireachta idir bhunscoileanna ann as seo amach.

Thall: Thug an grúpa 'Na Fataí Fánacha' ó Choláistí Eoin agus Íosagáin, Baile Átha Cliath an dara háit agus duais €1,250 leo ag craobhchomórtas Siansa Gael Linn 2012



Thíos: Comhghairdeas le grúpa drámaíochta Rang 1 & Rang 2 ó Ghaelscoil Chionn tSáile a bhuaigh Comórtas 4 i bhFéile Dhrámaíochta na hÉireann le déanaí sa Mhuileann gCearr.




Roinnt Buaiteoirí ó Chomórtas Ealaíona Texaco



Rachel O' Brien (17), Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh (thuas).

Eoghain Ó Braonáin (4), Scoil Santain, Baile Átha Cliath (ar dheis).



Rachel McKenna (13), Colaiste Oiriall, Muineachán.



Milo Feehan (8), Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, Ceatharlach.



Saorla Martin (9), Scoil Neasáin, Baile Átha Cliath.



Erin McEvoy (9), Gaelscoil an Ghoirt Álainn, Corcaigh.

Scéalta ón dTuaisceart

Fás agus Forbairt na Gaelscolaíochta in Éirinn ó Thuaidh



Tá áthas ar Chomhairle na Gaelscolaíochta a fhógairt go bhfuil earnáil na gaelscolaíochta ó thuaidh go fóill ag dul ó neart go neart a bhuíochas leis an díograis atá ann i measc phobal na gaelscolaíochta. I láthair na huaire tá 4 mholadh forbartha do ghaelscoileanna nua faoi bhráid an Aire Oideachais John O'Dowd. As na moltaí seo tá 3 cinn ann do bhunscoileanna nua Gaelscoil na mBeann atá i gCill Chaioil, Co an Dúin agus neamhaitheanta faoi láthair, Gaelscoil Eoghain ar an Chorr Chríochach i gCo. Thír Eoghain atá le hoscailt don chéad uair i Meán Fómhair agus Gaelscoil Neachtain, i nDún Geimhin i gCo Dhoire atá le hoscailt i Meán Fómhair fosta.

Lena cois sin tá moladh forbartha eile do champas úr Choláiste Feirste a bheidh lonnaithe i Machaire Rátha, Contae Dhoire. Ag an bhunleibhéal tá aonad gaelscolaíochta i mBunscoil Naomh Cainneach, Dún Geimhin le 10 mbliana anuas ach tá an oiread sin éilimh ar ghaeloideachas sa cheantar go ndearna na tuismitheoirí cinneadh Gaelscoil Neachtain a bhunú le soláthar dírithe ar ghaeloideachas amháin a chur ar fáil don phobal. Tá Gaelscoil na mBeann le dul ar aghaidh i Mí Mheán Fómhair le riar ar an ráchairt atá ann don ghaeloideachas i gceantar íochtar Bheanna Boirche agus déanfaidh Gaelscoil Eoghain amhlaidh ar an Chorr Chríochach.



Comhairle
na Gaelscolaíochta

www.comhairle.org

Tá rannóg nua á forbairt againn ar www.gaelscoileanna.ie do thuismitheoirí, le freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis an ngaelscolaíocht. Cuir bhur gcuid tuairimí agus moltaí chugainn!

Reic Scoile an tSamhraidh ann Anois don Scoilbhliain Nua 2012/13

Laghú 25% ar a Laghad *


Aoisghrúpa 4 - 7



~~€12.50~~ €9.50



~~€12.50~~ €9.00




~~€12.50~~ €10.00


Laghú 25% ar a Laghad *

Aoisghrúpa 7 - 12

Rang 3 + 4



~~€8.00~~ €6.00



~~€8.50~~ €6.00

Rang 4 + 5



~~€8.50~~ €6.00

Rang 5 + 6



~~€8.50~~ €6.00

Rang 5 + 6



~~€15.00~~ €7.00

Rang 5 + 6



~~€6.50~~ €6.00

Rang 5 + 6



~~€12.50~~ €9.00

Laghú 25% ar a Laghad *

Dara Leibhéal Gaeilge & Bearla



~~€8.50~~ €6.00




~~€6.50~~ €6.00



~~€7.00~~ €5.50




~~€9.00~~ €6.50




~~€4.50~~ €9.00



~~€10.00~~ €7.50



~~€10.00~~ €7.50



~~€12.50~~ €9.00

* An tairiscint seo bunaithe ar orduithe de 20 leabhar nó níos mó (cuma an teideal céanna nó meascán de theidil a bheith i gceist)

Agus íocfaidh MÓINÍN gach costas P&P

Dáta deiridh ar orduithe ar an bpraghas reice is ea 30ú Meitheamh 2012

Scléip

Spreagadh agus spraoi ag Scléip 2012



Buíochas mór ó chroí le gach éinne a chabhraigh linn an seó tallainne Scléip a chur ar stáitse arís i mbliana – foireann, múinteoirí, tuismitheoirí, moltóirí, láithreoirí, lucht féachana agus na daoine is tábhachtaí ar fad, na hiomaitheoirí a ghlac páirt ann!

Chuireadar seó den scoth ar an stáitse agus tá tuilleadh grianghraf álainn dóibh le feiceáil ar www.gaelSCOILEANNA.ie. Tá liosta na mbuaiteoirí ar dheis agus tá liosta iomlán na mbuaiteoirí ó na babhtaí réigiúnacha ar an suíomh.

Ár mbuíochas mór le Fiachna Ó Braonáin agus foireann Raven Productions, a rinne taifead ar an gcomórtas i mbliana thar ceann Raidió na Gaeltachta. Beidh na cláir le cloisteáil ar an raidió an samhradh seo, coinnígi cluas amach dóibh.

Tá planáil ar bun cheana féin do Scléip 2013, agus tá fáilte i gcónaí roimh mholtaí ina leith chuig Clare ar - cspainneach@gaelSCOILEANNA.ie.

Ábhar Saor in Aisce ón Oifig

- Bíleoga tumoideachais Gaeilge / Béarla, Rómáinis, Fraincis, Portaingéilis, Polainnis, Rúisis
- Bíleoga iar-bhunscoile Gaeilge / Béarla
- Pacáistí eolais Gaeilge / Béarla
- 'Ár bPolasaí Gaeilge'

Glaigh ar oifig GAELSCOILEANNA TEO.
ar 01-8535195 nó cur ríomhphost chuig
oifig@gaelSCOILEANNA.ie chun iad a ordú.

Buaiteoirí Scléip 2012

Ceol nua-aimseartha (grúpaí):

- Cór Cois Life, Coláiste Cois Life, Baile Átha Cliath (sóisear)
- Na Comrádaithe, Gaelcholáiste Mhuire AG, Corcaigh (sinsear)

Ceol nua-aimseartha (aonair):

- Sinéad Toomey, Gaelcholáiste Luimnigh (sóisear)
- Kym Gartry, Coláiste de hÍde (sinsear)

Rince cruthaitheach (aonair):

- Saoirse ní Dhubhshláine, Coláiste de hÍde (sóisear)

- Dearbhail Ní Mhurchú, Meánscoil Gharman (sinsear)

Rince cruthaitheach (grúpaí):

- Áine Pollock agus Sinéad Ní Buachalla, Coláiste de hÍde (sóisear)
- Na Jaffa Cakes, Gaelcholáiste Cheatharlach (sinsear)

Drámaíocht / mím:

- *Cé sa diabhail í Alice?* Gaelcholáiste Chill Dara (sóisear)

- *Naomh Smirnoff*, Pobalscoil Ghaoth Dobhair (sinsear)

Ilchineálach:

- Clíona Ní Ghallchoir, Pobalscoil Ghaoth Dobhair (sóisear)

- Grúpa Ceoil an Daingean, Pobalscoil Chorca Dhuibhne (sinsear)

Rogha na Moltóirí:

- Scléipeoirí, Coláiste Chilllainn

Grand Prix 2012:

- Sinéad Toomey, Gaelcholáiste Luimnigh

Blúiríní Nuachta

Comórtas Clár Raidió Gael Linn 2012

Comhghairdeas leis na Gaelcholáistí agus na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta a bhuaigh duaiseanna i gComórtas Clár Raidió Gael Linn, comórtas náisiúnta atá dírithe ar mhic léinn san idirbhliain go príomha, ach tá cead ag dalta meánscoile ar bith páirt a ghlacadh ann. Bhí suas le 60 clár páirteach i gcomórtas na bliana seo – an líon is mó riamh.

Is iad scoláirí Coláiste Phobail Cholmille, Oileán Thoraí, Tír Chonaill a thug leo an chéad duais (€300) i Roinn A (d'iar-bhunscoileann a ndéantar an teagasc iontu trí Ghaeilge) dá glár *Ceist agam ort*.

Tháinig Coláiste an Phiarsaigh, Gleann Maghair, Co. Chorcaí sa dara áit agus fuair eadar duais €250 dá gclár *Toircheas Déagóra*, agus bronnadh €200 don tríú áit ar an gclár *Rosmuc: Pobal beag le croí mór* ar scoláirí Ghairmscoil na bPiarsach, Rosmuc.

Bronnadh an tríú háit ar scoláirí Phobalscoil Chorca Dhuibhne, An Daingean agus dá gclár *An Idirbhliain – an fiú é a dhéanamh?* agus fuair eadar seic ar €350 mar aon le trófaí as a ndúthracht! RTÉ Raidió na Gaeltachta a rinne urraíocht ar an duais agus tá súil ag an stáisiún an chlár a chraoladh ar amach anseo. Tá na cláir bhuacacha uilig sna ranna éagsúla le cloisteáil ag www.gael-linn.ie.

An bhfuil acmhainní ranga le roinnt agat le múinteoirí eile ar www.gael-scoileanna.ie?

Tá rannóg nua á forbairt againn do mhúinteoirí agus ba mhór againn cloisteáil uait.

Seol ríomhphost chuig oifig@gaelscoileanna.ie.



Thuas: Scoláirí Ghairmscoil na bPiarsach, Rosmuc ag ceiliúradh a mbua le Príomhoide na scoile, Peadar Ó Loideáin - (ar chúil, ó chlé): Síle Ní Shúilleabháin, Órla Ní Fhlatharta, Heather Ní Chaisín agus (chun tosaigh, ó chlé): Antóin Ó Ceallaigh, Shauna Nic Dhonnacha, Mary de Búrca

Thíos: Seán Ó hÉanaigh, Eagarthóir Stiúrtha Clár, RTÉ Raidió na Gaeltachta (ar dheis) agus Seán Ó Ceallaigh, Bainisteoir Scéimeanna Náisiúnta Gael Linn (sa lár), ag tréaslú le scoláirí Phobalscoil Chorca Dhuibhne, An Daingean agus a múinteoir, Pádraig Ó Dubhaigh (ar chlé), tar éis dóibh an tríú háit náisiúnta a ghnóthú i gComórtas Clár Raidió Gael Linn 2012.



Acmhainní

Acmhainn Ranga Gaeilge Nua bunaithe ar Fhíor-eachtraí Tarrthála



Cuid de na hábhair a bhaineann leis ná treoir do mhúinteoirí; ceachtanna ranga ag éascú díospóireachtaí, obair ghrúpaí nó aonair; gearrthóga scannáin; acmhainní cur i láthair agus rochtain ar thacaíocht ilmheánach eisiach agus íoslódáil de chur i láthair agus bileoga gníomhacha do dhaltaí.

Tá sé ar fáil i nGaeilge, Béarla agus i mBreatainis. Chun níos mó eolais a fháil nó chun pacáiste a ordú, téigh go nli.org.uk nó cuir ríomhphost ag education@nli.org.uk.

Tá pacáiste foghlama nua saor in aisce d'arbh ainm *On Your Wavelength* seolta ag Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála (RNLI), a bhaineann úsáid as fíor-eachtraí tarrthála agus an éiteas deonach a bhíonn ag an gcarthanacht chun daltaí a spreagadh scileanna saoil agus sábháilachta pearsanta a fhoghlaim.

Cuireann na hoibrithe deonacha seirbhís chuardach agus tarrthála 24 uair a chloig ar fáil agus braitheann siad ar ioncam dheonach chun an tseirbhís a choinneáil ag imeacht. Ó bunaíodh iad in 1824, tá ós cionn 139,000 saoil sábháilte acu.

Duais Fiontraíochta Buaite ag Daltaí i bPobalscoil Chorca Dhuibhne

Comhgháirdeas le Shane Ó Cinnéide agus Pádraig Ó hÓgáin, beirt mhac léinn ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne sa Daingean, a bhain an dara duais i gCatagóir na Sóisear ag an gComórtas Náisiúnta Fiontraíochta le déanaí.

Tá dlúthdhiosca idirghníomhach bunaithe ar Éirinn déanta ag Shane agus Pádraig. Is dlúthdhiosca dátheangach atá ann atá oiriúnach do ranganna 3, 4, 5 agus 6 sa bhunscoil agus áisiúil do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Tá an dlúthdhiosca ar díol ar €5 agus tá gach eolas ar fáil ar www.eirecd.wordpress.com.

Dlúthdhiosca taitneamhach oideachasúil é seo dírithe ar leanaí aois 8+

- Ar fáil go dátheangach – Gaeilge agus Béarla ar dhlúthdhiosca amháin
- Eolas ar gach contae in Éirinn
- Aibhneacha, sléibhte agus lochanna na hÉireann
- Cluichí spórtúla – crosfhocail, cuardach focal, tráth na gceist, agus tuilleadh
- Ceachtanna samplacha gur féidir a phriontáil
- Téama CLG



Acmhainní

Trealamh oifige ar fáil saor in aisce

Tá trealamh ríomhaireachta ar fáil saor in aisce ó oifig GAELSCOILEANNA TEO. d'aon scoil ar mian leo é. Ar fáil tá:

- 2 ríomhaire Fujitsu Siemens le Microsoft XP Pro orthu (iad dara-láimhe ach athchóirithe)
- 2 mhéarchlár
- 2 luchóg
- Printéir dubh & bán HP Laserjet 2200D


Ní gá ach teagmháil a dhéanamh linn anseo san oifig más suim le do scoil aon chuid den trealamh thuas, 01 8535195 nó oifig@gaelSCOILEANNA.ie.

Lámhleabhar do Phríomhoidí

Tá lámhleabhar do phríomhoidí bunscóile ar fáil ar shuíomh idirlín Gaelscoileanna Teo. a d'eascair as comhthionscadal idir Gaelscoileanna Teo. agus An Foras Pátrúnachta.

Tugann an lámhleabhar seo treoir agus moltaí don phríomhoide ar rudaí ar fiú dóibh tabhairt fúthu ó thaobh an fhéilire scoile de, agus eolas ginearálta maidir le ceapachán foirne, an bord bainistíochta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna i measc nithe eile.

Tá súil againn go mbainfidh sibh tairbhe as!



Deireadh Seachtaine le Suantraithe

Tá an Gyréum ag comhoibriú le Foras na Gaeilge ar cheardlanna as Gaeilge a eagrú i gContae Shligigh. Beidh na ceardlanna dírithe ar ghrúpaí éagsúla agus aoisghrúpaí difriúla a bhfuil suim acu sa Ghaeilge. Beidh deireadh seachtaine le suantraí á réachtáil ar an 15-17 Meitheamh. Beidh deis ann do dhaoine Gaeilge a fhoghlaim trí shuantraí. Beidh Siobhán Cleary (Gaeilgeoir áitiúil agus cumadóir) agus Máire Breatnach (ceoltóir Gaelach) i gceannas ar an deireadh seachtaine.

Gach eolas le fáil ó <http://www.gyreum.com/>



An Lónra Réigiúnach

Tionóladh cruinnithe den lónra réigiúnach in iarthar Bhaile Átha Cliath, i Co. na Gaillimhe agus i gCorcaigh le déanaí agus ba mhór ag GAELSCOILEANNA TEO. ár mbuíochas a chur in iúl dóibh siúd a bhí i láthair. Cuireann an eagraíocht an-luach ar an deis a thugann na cruinnithe seo d'oifigigh agus stiúrthóirí na heagraíochta bualadh le hionadaithe ó na scoileanna le cúrsaí gaeleolaíochta a phlé agus comhoibriú a chothú.

Pléadh ceisteanna cóiríochta, cruinneas teanga, tacaíocht foghlama, trialacha caighdeánacha agus acmhainní don seomra ranga agus go leor eile ag na cruinnithe i mbliana, agus tá sé beartaithe ag na scoileanna sna ceantair sin teacht le chéile arís. Ba mhór linn scoileanna ar fud na tíre a spreagadh le teacht le chéile go rialta leis na dúshláin atá acu a phlé agus le gréasán tacaíochta áitiúil a fhorbairt.

Tá cruinnithe beartaithe do na ceantair seo a leanas sa scoilbhliain 2012/2013 (sonraí le fógairt):

- Dún na nGall
- Cill Dara agus Baile Choimín
- Co. Chiarraí
- Cill Chainnigh, Ceatharlach agus Loch Garman
- Tiobraid Árann agus Port Láirge
- Iarbhunscoileanna BÁC



Más mian leat go n-eagrófar cruinniú den lónra i do cheantar féin, ní gá ach teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Forbartha (Clare ar 01 8535193 nó cspainneach@gael scoileanna.ie).

Gaelscéal AR SCOIL

www.oideachas.gael sceal.ie



Síntiúis do scoileanna ar phraghas speisialta!

Glac síntiúis leis an nuachtán anois do scoilbhliain 2012/2013 agus faigh:

- an chuid eile den scoilbhliain seo saor in aisce.
- Tá tairscint speisialta againn do mhúinteoirí a chuireann isteach 3 shíntiús ar a laghad, dearbhan €20 le caitheamh ar ábhar Chló lar-Chonnacht.
- Freisín, is féidir le múinteoir a chuireann isteach ordú mór don rang cóip saor in aisce a fháil dóibh fhéin.

Abhar bhreise le fáil ar suíomh Gaelscéal ar Scoil ag www.oideachas.gael sceal.ie



Íoslódáil foirm shíntiúis ag
www.oideachas.gael sceal.ie nó
téigh i dteagmháil linn chun do
shíntiús a ordú
091897766/ scoil@gael sceal.ie

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaeleolaíochta



Acmhainní

Deontais chun freastal ar Choláiste Ghobnait, Inis Oírr



Bronnann Roinn na Gaeltachta deontais ar Choláiste Ghobnait gach bliain agus ba bhreá linn glacadh le scoláirí don scoilbhliain 2012-2013. Clúdaíonn deontas na Roinne lóistín na scoláirí fad a bhíonn siad ar an oileán. Bheadh deis iontach ag scoláirí barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge. Is í an Ghaeilge teanga labhartha mhuintir an oileáin agus comhlúadar na scoile (smaoinigh ar 40% don Bhéaltriail sa Ghaeilge) agus bheadh an scoláire ag cónaí le teaghlach ar an oileán ina labhraítear Gaeilge an t-am ar fad.

- Beidh rogha leathan ábhar ar fáil
- Líon beag scoláirí i ngach rang
- Áiseanna nua-aimseartha
- Mion-ríomhairí glúine ar fáil do na ranganna sa Teastas Sóisearach agus sa chéad bhliain Ardteisiméireachta
- Áis fhíschomhdhála
- Páirc uile-aimseartha in aice na scoile
- Páirc imeartha
- Cúirteanna cispheile, leadóige agus eitpheile
- Áiseanna liathróid láimhe
- Gach duine ina gcónaí in aice na scoile
- Gach áis in aice láimhe

Moltar féachaint ar na suíomhanna gréasáin seo chun íomhánna an oileáin draíochta a fháil:
www.inisoirr-island.com
www.colaistaichtin.ie

Tá go leor buntáistí ag baint le Coláiste Ghobnait:

Dianchúrsa Gaeilge do Mhúinteoirí Iar-bhunscoileanna

Is cúrsa seachtaine é an dianchúrsa Gaeilge agus tá sé oiriúnach do mhúinteoirí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a bhfuil spéis acu feabhas a chur ar a gcuid scoileanna teanga.

Dé Luain - Dé hAoine 20 - 24 Lúnasa 2012

Coláiste an Eachréidh

Baile Átha an Rí

Co. na Gaillimhe

Foirm iarratais agus tuilleadh eolais ó eolas@cogg.ie



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Ag Sábháil Airgid leis an gCnaipe Glas

Is féidir gearradh siar ar chostais fuinnimh má ghlacann tú páirt sa bhfeachtas Cnaipe Glas. Tá leagan Gaeilge ar fáil anois dá gcuid bogearraí. Bheadh scoileanna ag sábháil thart ar €50 (£55) in aghaidh an ríomhaire in aghaidh na bliana i mbillí fuinnimh.

Féach ar www.thegreenbuttoncampaign.com le haghaidh tuilleadh sonraí.

Clár Oiliúna Tús Áite do Leanaí ar fáil

Tá oiliúint ar chosaint leanaí á chur ar fáil i nGaeilge ag an gcomhlacht *1 Stop Training Shop* agus é dírithe ar earnáil an ghaeleoidreachais. Tá oiliúinóirí atá líofa sa Ghaeilge acu a chuirfidh an clár seo ar fáil trí Ghaeilge ar fud na tíre.

Tá cúrsaí Leibhéal 1 (Na comharthaí a fheiscint- Réamheolas ar Chosaint Leanaí) agus Leibhéal 2 (Freagrachtaí, Aithint agus Tuairisciú) ar fáil anois agus tá gach eolas ar fáil ar www.1stoptrainingshop.webs.com nó trí glaoch a chur ar 085 749 4383.






Cló Iar Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Teil: 091 593307 R-phost: cic@iol.ie Suíomh idirlín: www.cic.ie

do léitheoirí óga . . .



NA TRÍ MÍOLTÓGA

Micheál Ó Conghaile

Aoisghrúpa: 8-12

Clúdach bog €8

Cnuasach scéalta atá athchóirithe ó scéalta béaloidis agus fabhalscéalta agus iad curtha in oiriúint do léitheoirí óga ó rang a 4 go rang a 6.


CÚPLA

Ógie Ó Céilleachair

Aoisghrúpa: 9-13

Clúdach bog €8

Insint i nGaeilge nádúrtha an lae inniu ar scéal atá tobann agus tréan, é bunaithe ar chúpla, Sharon agus Éile, atá cúig bliana déag d'aois. Feiliúnach do léitheoirí rang a 5 agus rang a 6.



Tá catalóg iomlán ar www.cic.ie